

An Bord Taighde Sláinte

# Tuarascáil Bhliantúil 2011

Feabhsú a dhéanamh ar an tsláinte trí thaighde agus eolas



# Comhaltaí an bhoird: 2011

**Arna fhoilsiú ag:**

An Bord Taighde Sláinte, Baile Átha Cliath

© An Bord Taighde Sláinte 2012

ISSN: 0791 220X

**Is féidir cóipeanna den tuarascáil seo a fháil ó:**

An Bord Taighde Sláinte

73 Sráid Bhagóid Íochtarach

Baile Átha Cliath 2

Éire

t + 353 1 234 5000

f + 353 1 661 2335

r hrb@hrb.ie

w www.hrb.ie

# Clár na nÁbhar

Comhaltaí an bhoird: 2011	4
Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach: forbhreathnú agus ionchas	5
Taighde Sláinte: tionchar a imirt	8
Maoiniú feabhas taighde	14
Eolas agus Fianaise um chinnteoireacht a Chruthú	17
Aguisín A - Liosta na bhfoilseachán de chuid an HRB	19
Aguisín B - Sliocht as na Ráitis Airgeadais	21

# Cathaoirleach agus



**An Dr. Reg Shaw**  
(Cathaoirleach)  
Perrysbridge Consultants Ltd



**An tOllamh Conor M. Burke**  
Lia Comhairleach Riospráide  
Ospidéal Shéamais Uí Chonghaile  
agus Ospidéal Mater



**An Dr. Colin Doherty**  
Néareolaí Comhairleach  
Ospidéal San Séamas,  
Baile Átha Cliath



**An tOllamh Catherine Godson**  
Ollamh le Leigheas Móilíneach  
Stiúrthóir – Ionad Taighde  
Diaibéitis UCD  
Coláiste na hOllscoile,  
Baile Átha Cliath



**An tOllamh Michael J. Kerin**  
Ollamh Máinliachta  
An Institiúid um Eolaíochtaí  
Cliniciúla  
Ollscoil Náisiúnta na hÉireann  
Gaillimh



**John McCormack Uas**  
Príomhfheidhmeannach  
Cumann Ailse na hÉireann



**An tOllamh Prem Puri**  
An tIonad Náisiúnta um  
Taighde Leighis Leanaí, Baile  
Átha Cliath



**An Dr. Marion Rowland**  
Ionad Taighde agus Oideachais  
Catherine McAuley  
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha  
Cliath



**An tOllamh Frances Ruane**  
Stiúrthóir  
An Institiúid Taighde  
Eacnamaíochta agus Sóisialta



**An**  
Iar-Chathaoirleach  
Fondúireacht Eolaíochta Éireann  
agus



## Príomhfheidhmeannach: forbhreathnú agus ionchas

Caithfear infheistíocht leanúnach taighde an rialtais sna tréimhsí dúshlánacha seo a aithint mar chéim riachtanach chun nuálaíocht a spreagadh agus chun cuidiú leis an athbheochan eacnamaíochta. Daingníonn infheistíocht taighde sláinte, ach go háirithe, an ceangaltas lena chinntiú go mbeidh athruithe ar pholasaí agus cleachtas sláinte bunaithe ar fhianaise láidir, agus go bhfeabhsófar sláinte daoine, cúram othar agus seachadadh seirbhísí chomh maith le tacú leis an chlár eacnamaíochta.

Ar leibhéal náisiúnta, tríd an Tionscadal Náisiúnta um Beartú Tosaíochta Taighde, lean an HRB le tábhacht na hinfheistíochta a chur chun cinn maidir le taighde sa tsláinte daonra agus sna seirbhísí sláinte. Tosaíocht eile a léirítear ar an leibhéal seo ná an gá atá ann infreastruchtúr cliniciúil a chomhtháthú agus taighde aistritheach a thacú mar thaca le feabhsú sláinte agus córas sláinte, chomh maith le cumas eacnamaíoch a ghineadh trí thaighde.

In ainneoin go raibh dúshlán bhuiséid agus daonacmhainne os comhair an HRB le linn 2011, lean muid linn ag díriú ar na príomhchéimeanna sa Phlean Straitéiseach Gnó 2010 - 2014 a chur i bhfeidhm, le móréifeacht. Tá ceithre aidhm shoiléir mar thaca leis an Phlean Straitéiseach a fheidhmiú; áirítear ar na príomhéachtaí i dtreo na n-aidhmeanna sin le linn 2011:

### **1. Cumas um thaighde cliniciúil laistigh den chóras sláinte a fhorbairt.**

- Osclaíodh láthair nua um thaighde cliniciúil, atá dírithe ar phéidiatraic, i gCorcaigh agus tosaíodh an obair ar Láthair um Thaighde Cliniciúil an HRB i mBaile Átha Cliath.
- Athsheoladh na Dámhachtainí do Chliniceoirí Eolaíochta, chun cumas maidir le ceannaireacht taighde in ospidéal a thógáil agus ligean do dhochtúirí ceannaireachta a gcuid ama a roinnt idir cleachtas cliniciúil agus taighde.
- Tacaíodh le 52 staidéar cliniciúil - idir nua agus leanúnach - trí Láithreacha um Thaighde Cliniciúil an HRB le breis agus 5,550 duine páirteach.

### **2. Acmhainn taighde um shláinte daonra agus seirbhísí sláinte a mhéadú (PHHSR).**

- Maoiniú PHHSR a mhéadú le cláir nua fuinniúla dámhachtainí a chruthú.

- Dámhachtainí nua um Bhreisiú Acmhainne Idirhisciplíneach a dhearadh agus a bhronnadh, chun acmhainn taighde ar gach leibhéal ar fud PHHSR a thógáil agus a tharraingt.
- Cohórt breise mac léinn a mhaoiniú le linn 2011 sa Chlár Scoláirí PhD um thaighde seirbhísí sláinte.
- 11 tionscadal PHHSR a bhronnadh trí na Dámhachtainí Taighde Sláinte le linn 2011.

### **3. Eolas agus fianaise a sheachadadh mar thaca le cinnteoireacht.**

- Na figiúirí is déanaí a chur ar fáil ar éileamh cóireála agus soláthar seirbhíse maidir le míchumas intleachta, céadfaíoch agus fisiceach, cúram othar cónaitheach síciatrach, mí-úsáid drugaí agus alcóil agus básanna de dheascadh alcóil.

### **4. Fianaise a chruthú agus feidhmiú eolais nua i bpolasaí agus i gcleachtas a chur chun cinn.**

- Straitéis nua maidir le mí-úsáid substaintí a chríochnú, a ghlacfaidh cur chuige daonrabhunaithe maidir le fadhbanna úsáide alcóil.
- Sé mhionbhreithniú fianaise ar réimse ábhar a dhéanamh mar bhonn eolais do pholasaí.
- Ceithre eagrán den nuachtlitir taighde agus fianaise, Eolas, a fhoilsiú.

Mar a léirítear in áiteanna eile sa tuarascáil seo, is féidir le taighde sláinte fíor-athruithe a imirt ar shaoil daoine. Bhí na torthaí seo a leanas ar na tionscadail mhaoinithe againn a críochnaíodh le linn 2011:

- 58 sochair um polasaí agus cleachtas sláinte.
- 17 táirgí agus idirghabhála nua sláinte.
- 1317 othar inpháirteach i dtrialacha cliniciúla aille.
- 113 phost a bhain le taighde i seirbhísí sláinte agus sa réimse acadúil.
- Breis agus €14 mhilliún de mhaoiniú breise taighde d'Éirinn.
- 256 chomhpháirtíocht nua náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- 38 mac léinn PhD oilte ar fud réimse disciplín.

Tá samplaí ar leith de na torthaí seo ar fáil ar fud na tuarascála.

Le linn 2011 leamanar orainn ag cruthú eolais cháilíochta agus fianaise mar thaca le cinnteoireacht ag lucht déanta polasaí agus pleanálaithe seirbhíse, taighdeoirí agus lucht déanta polasaí. Is cuid rithábhachtach den obair againn sa réimse seo ná aonad um chruthú fianaise a bhunú; tá ról lárnach aige seo mar thaca leis an Roinn Sláinte maidir le fianaise a bhailiú ar cheisteanna ar leith um polasaí agus cleachtas sláinte. Le tacaíocht ón Chóras Tuairiscithe Náisiúnta ar Chóireáil Drugaí, is ceann de phríomhéachtaí an aonaid ná fianaise shoiléir dhaingin a sholáthar maidir le méadú ar mhí-úsáid alcóil in Éirinn. Bhí ról lárnach ag an fhianaise seo chun straitéis nua maidir le mí-úsáid substaintí a fhorbairt, a ghlacfaidh cur chuige daonrabhunaithe maidir le fadhbanna úsáide alcóil.




Bhí rath ar an obair maidir leis an Eoraip chomh maith. D'imir an POF ról lárnach ar Bhord Feidhmeannach agus ar Bhord Bainistíochta an Chomhchláir um Ghalair Néaraimheathlúcháin. Le linn 2011 chuir an grúpa plean straitéiseach taighde ar fáil; rinne an HRB aíocht ar an 9ú cruinniú den bhord bainistíochta i mBaile Átha Cliath. Thacaigh an HRB freisin le taighdeoirí sláinte in Éirinn maidir le cur isteach ar mhaoiniú FP7. Fuair 23 fhoireann taighdeoirí in iomlán €13.6 mhilliún trí na glaonna sláinte faoin chlár maoinithe seo. Ní amháin go gcuireann sé seo le maoiniú um thaighde áitiúil, ach treisíonn sé an cháil taighde againn san Eoraip.


Ní léiríonn na himeachtaí thuas an réimse iomlán oibre a críochnaíodh le linn na bliana. Ach tugann siad sracfhéachaint shimplí ar iarrachtaí an HRB maidir le sláinte daoine a fheabhsú, cóireáil othar a fhorbairt agus fianaise láidir a sholáthar mar thaca le hathruithe ar pholasaí agus cleachtas sláinte. Gabhaimid buíochas le foireann an HRB as an díograis agus an díriú uathu tráth go raibh athrú suntasach agus laghdú acmhainní ar bun, agus as an éacht oibre a rinneadar ar feadh na bliana. Tá súil againn oibriú leo arís le linn 2012.

Bhí ról lárnach ag na comhbhaill Boird againn maidir leis an fhís straitéiseach agus an plean a sheachadadh go dtí seo. Léiríodar cumas agus díograis iomlán maidir le dualgaisí Boird a chomhlíonadh agus thugadar tacaíocht agus comhairle riluachmhar i gcaitheamh na bliana.

In ainneoin dúshláin na timpeallachta, tá dóchas againn go mbeidh torthaí dearfacha as an taighde agus as an obair atá ar siúl againn, a chuideoidh le sláinte daoine a fheabhsú, cóireáil othar a bhreisiú, seirbhísí sláinte na hÉireann a chlaochlú agus fás eacnamaíoch a thacú. .



An Dr. Reg Shaw



Enda Connolly

# Taighde Sláinte: tionchar a imirt

Gach bliain déanann an HRB athbhreithniú agus luacháil ar thorthaí agus ar thionchair na dtionscadal taighde a maoiníodh agus a críochnaíodh le linn na bliana roimhe sin.

Léirítear sa rannóg seo tionchar agus torthaí taighde, a mhaoinigh an HRB, i gcúig phríomhréimse:

- Idirghabhála cúram sláinte a fhorbairt chun cúram othar agus seachadadh seirbhísí a fheabhsú.
- Diagnóisic, prognóisic agus teiripí nua a fhorbairt.
- Cumais deiseanna tráchtála agus sochair eacnamaíocha a chruthú.
- Cumas agus bonneagar láidir um thaighde sláinte a chruthú.
- Fianaise a chruthú chun polasaí agus cleachtas cúram sláinte a fheabhsú.

Tugtar freisin sa rannóg seo roinnt samplaí mar léiriú ar na sochair a d'eascair as tionscadail agus cláir thaighde a mhaoinigh an HRB agus a críochnaíodh i 2011.

**Tábla 1 Achoimre ar aschur ó thionscadail agus cláir a críochnaíodh le linn 2011**

Cineál Aschuir	2011	2010	2009	2008	2007
<b>Líon na ndéontas a críochnaíodh</b>	92	105	111	93	55
Líon iomlán na bpost taighde a tacaíodh trí na deontais seo	113	209	211	243	142
Líon iomlán <b>na bhfoilseachán, ar rinneadh piarmheasúnú orthu,</b> a d'fhoilsigh daoine a fuair na deontais seo	237	166	302	301	134
Líon iomlán <b>nuálaíochtaí cúram sláinte</b> a d'eascair as na deontais seo	24	26	28	17	N/B
Líon iomlán <b>tionchar agus iarmhairtí ar pholasaí agus cleachtas cúram sláinte</b> ag daoine a fuair na deontais seo.	191	61	55	51	N/B
Deiseanna tráchtála a cruthaíodh (e.g. paitinní)	15	18	21	N/B	N/B
Maoiniú breise a giaráladh agtaighdeoirí a mhaoinigh an HRB de thoradh rath na hoibre acu	€14m	€11.8m	€14.7m	N/B	N/B

Nóta: Ciallaíonn N/B nár bailíodh na figiúirí seo roimhe seo. Le linn 2008 d'athraigh an próiseas luachála dámhachtainí chuig Creat Aisíoca, rud a cheadaigh sonraí níos saibhre maidir le torthaí agus iarmhairtí a bhailiú.

## Idirghabhála agus seirbhísí cúram sláinte.

Braitheann cuid de na hidirghabhála cúram sláinte is tábhachtaí ar bhealaí difriúla chun rudaí a dhéanamh a scrúdú, nó teicneolaíochtaí a chur in oiriúint do riachtanas ar leith maidir le cúram sláinte. Tá taighdeoirí a mhaoinigh an HRB chun tosaigh maidir le nuálaíochtaí agus idirghabhála cúram sláinte a fhorbairt; is féidir leo seo sláinte a chothú, cáilíocht cúram sláinte a bhreisiú, rochtain ar chúram sláinte a mhéadú agus costas cúram sláinte in Éirinn a smachtú.

Ar na hidirghabhála nua cúram sláinte ó thaighde a mhaoinigh an HRB le linn 2011 áirítear iad seo a leanas:

- Comhchlár amháin idirghabhála chun pian ainsealach íochtair dhroma a bhainistiú.
- Trí nuálaíocht bunaithe ar TFC chun torthaí a fheabhsú d'othair a bhfuil otracht, galar croí agus titimeas ag goilliúint orthu.
- Trí idirghabháil coisctheach dírithe ar shláinte croí agus fiacla agus ar mheabhairshláinte déagóirí.
- Dhá idirghabháil teiripeach neamhchógaisíochta do dhaoine le NHEA nó síocóis luathchéime.

**Léiríonn na samplaí thíos tuilleadh den dul chun cinn atá déanta againn sa réimse seo.**

### *Seicliosta um bainistiú sláinte fiacla leanaí:*

Mar thoradh ar staidéar a rinne an Dr Helen Whelton agus a foireann ag Scoil Fiaclóireachta Ollscoil Chorcaí, tugadh Seicliosta um Measúnú Priacal Cáiréas Fiacla chun cinn. Cuideoidh an liosta le fiaclóirí chun priacal cuas i leanaí agus ógánaigh a mheas, agus comhairle coisctheach, idirghabhála agus tréimhsí athghairme a leagadh amach dá réir. Tá an seicliosta mar chuid den oiliúint fochéime ins na Scoileanna Fiaclóireachta i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh. Tá úsáid an seicliosta i gClár Fiaclóireachta Scoile an FSS á píolótú i limistéar cliniciúil amháin i gContae na Mí ina bhfuil ceithre bhunscoil. .

### *Díriú ar shláinte déagóirí trí na fóin acu:*

Tá Grace O'Malley ag Ospidéal Leanaí Shráid an Teampaill ag obair ar fheidhmchlár fóin chliste mar chuid de chóireáil otrachta déagóra. Déanfar é seo a thástáil i dTriail Randamaithe faoi Riail (RCT); seo an chéad iarracht chun dianmheasúnú a dhéanamh ar chur chuige teilileighis maidir le héifeacht um bainistiú meáchan péidiatraic. Tá maoiniú breise faighte ó Ollscoil Oxford, Ciste Sláinte na Leanaí ag Ospidéal Shráid an Teampaill agus Ionad Náisiúnta um Thaighde Leanaí, chun forbairt agus tástáil an ghléis a thabhairt chun críche.

### *Galar Ainsealach a Bhainistiú le TFC:*

Tá múnla nua um chúram titimis in Éirinn á éascadh ag Taifead Leictreonach Othar Titimis (TLO) le Mary Fitzsimmons in Ospidéal Beaumont. Tá Clár Náisiúnta um Chúram Titimis an FSS dírithe ar chúram den chaighdeán céanna a sholáthar ar fud na tíre, agus é ar fáil do gach duine atá ina gháthar. Braitheann feidhmiú na gcleachtas nua agus na hathruithe oibríochta a bhaineann leis an Chlár Náisiúnta um Chúram Titimis ar úsáid an TLO atá bunaithe ar an idirlíon. Cinntíonn sé seo go bhfuil faisnéis chliniciúil ar fáil do chliniceoirí údaraithe ar fud Éireann nuair atá gá leis.

## Diagnóisic, prognóisic agus teiripí nua.

Tá obair shuntasach ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta á déanamh ag taighdeoirí a mhaoinigh an HRB, maidir le gléasanna nua diagnóisic agus prognóisic, agus teiripí nua a chruthú. Ní ar shláinte daoine amháin atá tionchar ag na fionnachtana rathúla seo, ach cuireann siad le cumas na hÉireann maidir le fiontar agus cáil nuálaíochta.

Ar na torthaí maidir le gléasanna nua diagnóisic agus prognóisic agus teiripí nua as taighde a mhaoinigh an HRB le linn 2011 áirítear iad seo a leanas:

- 1,317 othar cláraithe ar staidéir chliniciúla ailse.
- Trí chóireáil nua ar ghalar cnámh agus scamhóg agus ailse faoi fhorbairt.
- Ceithre ghléas diagnóisic chun ailse, míchumaí súl, gortú intinne agus lúpus a aithint faoi fhorbairt.
- Trí ghléas prognóisic faoi fhorbairt chun cóireáil réamheaclaímsia agus ailse chíce a fheabhsú.

**Léiríonn na samplaí thíos tuilleadh den dul chun cinn atá déanta againn sa réimse seo.**

### *Vacsáin fliú uilíoch a chruthú:*

Tá foireann i gColáiste na hOllscoile Corcaigh, faoi cheannas an Dr Anne Moore, ag obair ar vacsaín fliú uilíoch a chruthú, a thabharfadh cosaint ar iomad cineál fliú, an phaindéim san áireamh. Léiríodar gléasanna freagartha maidir le dhá vacsaín fliú a fhéadfadh a bheith uilíoch; as an obair sin tháinig staidéar AE ar vacsaíní fliú a bhaineann feidhm as modh seachadta nuálach.

### *Córas nua teiripeach seachadta chun dul i ngleic leis an ailse.*

Rinne an Dr Roisin Dwyer ag Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, gaschealla ó dhuine fásta a thabhairt chun cinn agus an cumas iontu glacadh le rianaire radaighníomhach. Ar an gcuma seo bhí sí ábalta faire ar na cealla agus iad ag taisteal tríd an sruth fola. Fuair sí amach go ndíríonn na gaschealla ó dhaoine fásta isteach ar shiadaí. Nuair a chuirtear dáileog theiripeach leis an rianaire radaighníomhach, glacann na gaschealla ag suíomh na hailse leis agus mhaolaigh ar na siadaí. Tá an-dóchas as an chur chuige seo mar chóras seachadta teiripe.

### *Gléas nua 'saotharlann slise' chun cóireáil ailse chíce a fheabhsú.*

Cheap Helen Heneghan i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh, gléas micrishlise ('saotharlann slise') chun samplaí fola ó mhná a bhfuil ailse chíce luathchéime orthu a thástáil, agus as sin na deiseanna cóireála is fearr a thuar dóibh. Cé go bhfuil an gléas seo ar chéim luathfhorbartha go fóill, d'fhéadfadh sé torthaí othar a bhfuil ailse chíce orthu a fheabhsú ar bhealach is lú ionrach.

## Cumais deiseanna tráchtála agus sochair eacnamaíocha a chruthú

Cé go bhfuil taighde sláinte ann féin othardhírthe, de réir gach dealraimh is léir go bhfuil cumas dochreidte ag taighde sláinte chun deiseanna tráchtála a chruthú agus an clár fiontair a fhorbairt. Léirítear freisin san obair mhaoinithe againn cumas chun athruithe cleachtais a bhunú, as a dtiocfaidh laghdaithe suntasacha i gcostais ar fud na seirbhíse sláinte. Tacaíonn sé freisin le postanna a chruthú agus an geilleagar eolasbhunaithe a fhorbairt.

Baineadh cuid mhór cumais um dheiseanna tráchtála agus sochair eacnamaíocha as tionscadail a críochnaíodh le linn 2011. Siad seo:

- Cuireadh trí fhaisnéisiú fionnachtana ar thaifead, bronnadh trí phaitinn agus rinneadh trí iarratas ar phaitinní.
- Cuireadh tús le 79 triail nua chliniciúil.
- Tacaíodh le 113 post taighde.
- Giaráileadh €14 mhilliún as foinsí eile maoinithe.

**Tugann na samplaí thíos léargas ar chéimeanna ar leith a baineadh amach i 2011.**

### *Tagann comhlacht nua as fionnachtain maidir le réamheaclaímsia:*

Léirigh an tOll Louise Kenny, Cliniceoir Eolaíochta HRB ag Ospidéal Ollscoile Chorcaí, 14 bithchomharthaí sóirt éagsúla a thaispeánann sa luath-thoircheas, agus gur dóichí go dtugann siad réamheolas cruinn maidir le réamheaclaímsia níos déanaí sa toircheas a thuar. Is aidhm di tástáil shimplí fola a thabhairt chun cinn i gceann cúpla bliain, a bheidh ar fáil do mhná i gcoitinne agus a bhraithfidh priacal an ghalair seo atá bagrach don bheatha. Tá dhá phaitinn curtha ar thaifead as an obair seo agus comhlacht bunaithe chun tairbhe a bhaint as na torthaí ar bhonn tráchtála.

### *Sábháil costas indéanta le cur chuige nua maidir le hathchur fiacla:*

Léirigh staidéar nua, a threoraigh an tOll Finbarr Allen i Scoil Fiaclóireachta Ollscoile Chorcaí, go dtagann feabhas ar cháilíocht bheatha agus stádas cothaithe níos fearr nuair a chuirtear droichid seasta in áit fiacla atá ar iarraidh i ndaoine scothaosta, seachas fiacla bréige traidisiúnta a chur in áit na bhfiacla ar fad. Léiríonn anailís eacnamaíoch go bhfuil droichid seasta 50% níos saoire ná fiacla bréige traidisiúnta. D'fhéadfadh sé seo a bheith suimiúil do lucht déanta polasaí, mar faoi láthair tá fiacla bréige ar fáil faoin scéim chárta leighis, ach níl fáil ar na droichid seasta faoin scéim.

### *Deireadh ag teacht le truailliú baictéarach i gcórais uisce ospidéal:*

Tá an-éifeacht le córas tráchtála a scríosann truailliú baictéarach as umair uisce agus píobáin scaipthe uisce in institiúidí cúram sláinte. Bhain an tOll David Coleman triail as an chóras ar feadh bliana ag Scoil agus Ospidéal Fiaclóireachta Bhaile Átha Cliath. Taispeáin sé go bhfuil an córas níos saoire agus níos éifeachtaí ná córais reatha díghalraithe agus gur féidir tairbhe suntasach tráchtála a bhaint as.

## Cumas agus bonneagar taighde a fhorbairt

Chun taighde ar ardchaighdeán a dhéanamh, taighdeoirí den scoth a fhorbairt agus dul chun cinn nua as taighde sláinte a thógáil ar bord, is gá bonneagar taighde, cultúr agus cumas daonna cuí chun nuála agus chun eolas nua a thabhairt isteach. Tá an HRB tiomanta do chumas agus bonneagar taighde a mhéadú, a thacaíonn le daoine taighde ar ardchaighdeán a dhéanamh. Tá ról lárnach ag an eagraíocht maidir le cur chuige comhleanúnach do thaighde sláinte laistigh den chóras sláinte againn.

Tá an obair seo préamhaithe in aidhmeanna agus i gcuispóirí uile an HRB, agus díríonn sé ar roinnt réimsí tábhachtacha, ar a n-áirítear:

- Bealaí gairmréime chun gairmithe sláinte a fhorbairt mar thaighdeoirí a thabhairt chun cinn.
- Bonneagar agus áiseanna taca a bhunú chun taighde cliniciúil agus líonraí den scoth a éascadh.
- Taca modheolaíochta a sheachadadh do thaighdeoirí chun tairiscintí láidre taighde a spreagadh.
- Socruithe comhaoinithe agus comhoibrithe a chothú chun deiseanna taighde a uasmhéadú.

**Léirítear cuid den dul chun againn sa réimse seo ins na samplaí thíos.**

### *Bealaí gairme taighde a fhorbairt:*

Bhunaigh an HRB scéim nua le haghaidh Taighdeoirí Iardhochtúra um Míochaine Aistritheach le linn 2011. Is aidhm do na dámhachtainí seo an bhearna a líonadh idir iardhochtúir luath agus cliniceoir eolaíochta nó ról sinsearach dá shamhail. Tabharfaidh sé deis taighde um fhorbairt chuig gairme do iardhochtúirí taithíocha, as réimse leathan cúlraí, a bhfuil acmhainneacht ceannaireachta acu. Bronnadh ocht ndámhachtain in iomlán le linn na bliana.

### *Bonneagar taighde cliniciúil a thógáil:*

Oslaíodh ionad Fionnachtana HRB in Ospidéal Ollscoile Chorcaí i mí an Mhárta 2011. Cuireann sé spás cliniciúil, bonneagar TF agus spás oifige ar fáil chun measúnaithe cliniciúla a dhéanamh. Beidh foireann ar leith - cúigear taighdeoir - chun a chinntiú go ndéanfar cúram de na leanaí agus go ndéanfar taighde ar ardchaighdeán ann. Céim straitéiseach é an tIonad nua a lonnú ag Ospidéal Ollscoile Chorcaí, mar tá cláir thaighde pédiatraiceacha agus cúram iarbhireithe ar bun ann cheana féin.

### *Scéim nua um Dhámhachtainí do Chliniceoirí Eolaíochta seolta:*

Rinne an HRB na dámhachtainí seo a athsheoladh le linn 2011. Is aidhm don scéim seo cumas maidir le ceannaireacht taighde in ospidéal a thógáil agus ligean do dhochtúirí ceannaireachta a gcuid ama a roinnt idir cleachtas cliniciúil agus taighde, ceisteanna taighde a fhorbairt bunaithe ar cheisteanna a éiríonn le hothair agus torthaí a gcuid taighde a aistriú chuig cleachtas cois leapa. Dearadh an babhta seo dámhachtainí i gcomhar leis an FSS agus na hinstitiúidí acadúla, chun go mbeadh na postanna, agus na cláir thaighde, inbhuanaithe nuair a thagann deireadh le tréimhse maoinithe an HRB.

### *Comhoibriú:*

Le linn na bliana, rinne an HRB tionscadail agus cláir thaighde a chomhchistiú leis na dreamanna seo a leanas: Health Service R&D Office, Tuaisceart Éireann; Wellcome Trust agus Grúpa Taighde na gCumann Carthanachta Míochaine in Éirinn.

## Polasaí agus cleachtas sláinte a nuálú.

Go minic, cé go dtugann staidéir taighde fianaise doshéanta gur gá polasaí agus cleachtas a athrú, ní chuirtear na hathruithe seo i bhfeidhm, agus cruthaítear bearna idir taighde agus cleachtas. Tá an HRB tiomanta chuig fionnachtana taighde a aistriú ina sochair réadacha sláinte, agus an bhearna a dhúnadh idir fionnachtain taighde agus feidhmiú polasaí nó cleachtas.

Toisc gur mhéadaigh ar cháil eolaíoch an HRB maidir le taighde sláinte, cuirtear leis an gcumas againn tionchar a imirt ar eolas, polasaí agus cleachtas níos sia ó bhaile.

Le linn 2011, d'imir na torthaí ó 58 dtionscadal HRB tionchar ar pholasaí nó ar chleachtas cúram sláinte. Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh na taighdeoirí maoinithe againn altanna i mbreis agus 237 irisleabhar idirnáisiúnta go ndearnadh piarmheasúnú orthu, agus bhí toisc iarmhairte ó mheán go hard ag 167 acu.

### **Léirítear thíos roinnt samplaí de na tionscadail a fhéadfadh torthaí chun sochair a bheith acu ar pholasaí agus cleachtas cúram sláinte.**

#### ***D'fhéadfaí na céadta daoine a shábháil ach dífhibrileoirí a lonnú i lialanna DG:***

Léiríonn taighde nua ó Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath go bhféadfaí na céadta a shábháil ó bhás gach bliain dá dtabharfaí dífhibrileoirí do Dhochtúirí Ginearálta agus dá gcuirfí oiliúint orthu maidir lena n-úsaid sa chás go dtagann taom croí ar dhuine. Taispeánann an staidéar seo, a threoraigh an tOll Gerard Bury, go mbeadh seans trí nó ceithre huairte níos fearr ag othair teacht as taom croí lasmuigh den ospidéal ach an t-athrú simplí cost-éifeachtúil seo i gcleachtas a chur i bhfeidhm.

#### ***Feabhsú ar thorthaí toirchis de bharr oideachais agus cúraim:***

Rinne an tOll Fidelma Dunne i gColáiste na hOllscoile Gaillimh scrúdú ar thorthaí toirchis, roimh agus i ndiaidh clár oideachais agus clinici réamh-thoirchis a bhunú i gceithre chlinic réamh-bhreithe in Iarthar na hÉireann. Léirigh sí, i gcás mná a bhfuil diaibéiteas orthu cheana agus go ndéantar athrú ar an phróiseas cúraim dóibh, gur féidir an ráta beobhreithe a ardú ó 74% go 92%, breith anabái a laghdú go suntasach ó 22% go 8% agus marbh-bhreitheanna a laghdú ó 4% go 1%.

#### ***Eolas nua faoi láithreacha timpistí bóthair a fhéadfadh beatha a shábháil:***

Cheap Erica Donnelly-Swift agus an tOll Alan Kelly i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath modh nua staidrimh chun na láithreacha is measa maidir le timpistí tráchta bóthair, ar phríomhbhóithre náisiúnta agus ar bhóithre náisiúnta den dara grád, in Éirinn a shoiléiriú. D'fhéadfadh an cur chuige acu fianaise mhaith a sholáthar mar bhonn eolais le polasaí um shábháilteacht ar bhóithre agus le céimeanna chun bás agus gortú de dheascadh timpistí tráchta bóthair ar bhealaí náisiúnta a laghdú.

#### ***Tástáil ar rialacha chun tuar cliniciúil a dhéanamh:***

I gcleachtas cliniciúil úsáidtear rialacha chun tuar cliniciúil a dhéanamh mar thaca le cinnteoireacht ar dhiagnóis. Ach i gcás cuid mhór de na rialacha seo, ní dhearnadh bailíochtú i gcleachtas cliniciúil orthu. Tá athbhreithniú ar na rialacha seo uile ar bun ag an tOll Tom Fahey, agus foireann aige ag Ionad HRB um Chéadchúram. Tá acmhainn ar líne á thógáil acu a léiríonn na rialacha uile chun tuar cliniciúil a dhéanamh agus cad iad na rialacha a bhfuil bailíochtú déanta orthu. Cuirfidh an gléas seo fianaise láidir praiticiúil ar fáil mar thionchar ar chleachtas cliniciúil.



# Maoiniú feabhas taighde

Le linn 2011, de réir an phlean straitéiseach, dhírigh an HRB ar chláir agus scéimeanna nua a fhorbairt, ar aidhm dóibh cumas taighde sláinte a thógail ar fud na seirbhísí sláinte, bonneagar taighde cliniciúil a fhorbairt agus méadú a fháil sa mhaoiniú a chuirtear ar fáil mar thaca le Taighde um Shláinte Daonra agus Seirbhísí Sláinte. Dírítear i gcónaí ar shláinte daoine a fheabhsú, cóireálacha nua a fhorbairt agus taighde a aistriú in iarmhairtí agus sochair maidir le polasaí agus cleachtas

Le linn na bliana, tugadh isteach nó rinneadh athsheoladh ar réimse leathan scéimeanna chun cumas a thógáil. Ar na príomhéachtaí sa réimse seo áirítear:

- Glaoch nua maoinithe a fhorbairt maidir leis na Dámhachtainí do Chliniceoirí Eolaíochta. Dearadh an glaoch seo i gcomhar leis an FSS agus na hinstiúidí acadúla, chun go mbeadh na postanna, agus na cláir thaighde, inbhuanaithe nuair a thagann deireadh le tréimhse maoinithe an HRB. Bronnfar na dámhachtainí tosaigh faoin scéim seo le linn 2012.
- Scéim nua a thabhairt isteach le haghaidh Taighdeoirí Iardhochtúra sa Mhíocaine Aistritheach; tá sé seo dírithe ar iardhochtúirí taithíocha a bhfuil ardchumas ceannaireachta acu ó réimse leathan cúlaí, chun an bhearna a líonadh idir iardhochtúireacht luath agus cliniceoir eolaíochta nó ról sinsearach dá shamhail. Bronnadh ocht ndámhachtain in iomlán le linn na bliana.
- Dream breise mac léinn a mhaoiniú le linn 2011 sa Chlár Scoláirí PhD um thaighde seirbhísí sláinte.
- 17 gComhaltacht nua Gairmithe Sláinte a bhronnadh.

Is aidhm don Phlean Straitéiseach Gnó 2010-2014 infheistíocht sa Taighde Sláinte Daonra agus Seirbhísí Sláinte a mhéadú ó 20% den mhaoiniú iomlán i 2010 go 40% i 2014. Le linn 2011 rinneadh dul chun cinn suntasach sa réimse seo agus rinneadh iliomad scéimeanna nua a fhorbairt agus a thabhairt isteach. Tá infheistíocht sa réimse seo níos cóngaraí anois do 30%, atá de réir na spriocanna ag an lárphointe sa phlean straitéiseach againn. Áirítear imeasc bunspríocanna inghnóthaithe na bliana:

- Scéim nua Dámhachtainí um Breisiú Cumais Idirdisciplíneach a cheapadh agus a sheoladh, dírithe ar chumas taighde de gach leibhéal a thógáil agus a tharraingt chuig Taighde Sláinte Daonra agus Seirbhísí Sláinte. Déanfaidh an scéim seo forbairt chomhpháirtíochtaí idir taighdeoirí, cleachtóirí agus cinnteoirí a éascadh. Ar deireadh, sé a thiocfadh as ná foirne idirdisciplíneacha leis an chumas is gá le haghaidh tionscadail nua nó leanúnacha.
- Athbhreithniú Mapála HRB ar Thaighde Sláinte Daonra agus Seirbhísí Sláinte a fhoilsiú; cuireann sé seo síos ar na leibhéil ghníomhaíochta, cumais agus bonneagair atá ann faoi láthair, léiríonn sé réimsí nirt agus laige, agus scrúdaíonn sé deiseanna agus múnlaí maoinithe nuálacha idirnáisiúnta sa réimse seo. Tugadh na torthaí uaidh seo san áireamh i gcreat gníomhaíochta a chlúdaíonn saolré phlean straitéiseach gnó an HRB.
- 11 dámhachtain PHHSR a dhéanamh faoi na Dámhachtainí Taighde Sláinte.



- Seimineár a thionól don phobal PHHSR chun Plean Feidhmithe PHHSR an HRB (2010-2014) a chur in iúl.

### Cumas agus bonneagar cliniciúil a fhorbairt

- Le linn 2011, d'oscail an HRB Ionad Fionnachtana an HRB i gCorcaigh, ionad um thaighde cliniciúil pédiatraice.
- Leanadh leis an obair in Ionaid Taighde Cliniciúla an HRB i nGaillimh agus i mBaile Átha Cliath, le 52 staidéar taighde cliniciúil idir nua agus leanúnach ar siúl, ina raibh 5,550 duine páirteach.
- Rinne an HRB agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) ceithre dhámhachtain a bhronnadh faoin scéim cómhaoinithe HRB/SFI maidir le Dámhachtainí Taighde Aistritheach. Seoladh glaoch nua don scéim seo, a leagann béim ar chomh tábhachtach atá sé coincheapa taighde a thabhairt chun cinn ón bhinse chun na leapa, agus atá dírithe ar thaighde feidhmeach cliniciúil a thabhairt níos cóngaraí don ghnáthúsáid.

Dheonaigh an HRB €27.1 mhilliún do thionscadail nua taighde sláinte i rith na bliana, rud a chiallaigh go raibh maoiniú iomlán curtha ar fáil aige ar fud chóras taighde sláinte na hÉireann de bhreis is €189 milliún.

Mar a rinneadh i mblianta roimhe seo, rinneadh gach infheistíocht ar bhonn na bpróiseas dian idirnáisiúnta d'athbhreithniú piaraí. As an 742 iarratas a fuarthas i rith na bliana, leithdháileadh tacaíocht mhaoinithe ar 277 acu. Tá sonrú iomlán ar na dámhachtainí seo leagtha amach thíos. Léiríonn sé seo líon agus éagsúlacht na ngairmithe nua sláinte, chomh maith le sonraí ar na cineálacha tionscadal infrastuchtúir agus clár taighde a tacaíodh i 2011.

**Tábla 2 Dámhachtainí nua a rinneadh i 2011**

Dámhachtainí	Iarratais	Dámhachtainí
<b>Scéimeanna tacaíochta gairme agus tógáil cumais</b>		
Dámhachtainí um Breisiú Cumais Idirdisciplíneach	21	6
Comhaltachtaí Taighde Iardhochtúireachta	27	8
Comhaltachtaí Gairme Sláinte	17	13
Comhaltachtaí Eacnamaíocht na Sláinte	2	1
Comhaltachtaí um Oiliúint Speisialaithe Cláraitheora	13	3
Scoláireachtaí Mic Léinn Samhraidh	157	49
NCI Curaclam Samhraidh (Cuibhreannas Ailse)	24	7
Dámhachtainí	5	1
Dámhachtainí Taighde Aistrithigh	40	3
Dámhachtainí Taighde Sláinte	182	46
Dámhachtainí comhaoinithe	24	15
<b>Oiliúint agus ceardlanna</b>		
Cúrsa dhá lá de chuid Cochrane ar athbhreithniú córasach	141	38
Comhoibriú leathlae ar 'Thús Eolais faoi Cochrane'	76	76
<b>Bonneagar</b>		
Ospidéal ICORG agus Lároifig Ghrúpa	13	11
<b>Iomlán</b>	<b>742</b>	<b>277</b>

De réir phleananna an HRB chun taighde den scoth a imreoidh tionchar ar shláinte a thacú, bhíomar gníomhach ag léiriú deiseanna maoinithe sláinte FP7 do thaighdeoirí acadúla agus do chliniceoirí in Éirinn. Le linn 2011 d'éirigh le 23 iarratas ar mhaoiniú FP7; dá thoradh seo fuarthas €13.6 mhilliún in iomlán le haghaidh taighde in Éirinn.

D'imir an HRB ról lárnach sa Chomhchláir um Ghalair Néaraimheathlúcháin (JPND), le suíocháin ar an mBord Feidhmeach agus ar an Bhord Bainistíochta. Tá an HRB freagrach chomh maith as obair chumarsáide agus chraobhscaoilte an JPND a chur chun cinn; bhí na himeachtaí le linn 2011 dírithe ar an Straitéis Taighde Eorpach a sholáthar agus an naoú cruinniú de Bhord Bainistíochta JPND a thionól i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair.



# Eolas agus Fianaise um chinnteoireacht a Chruthú

Tá fianaise shlán agus eolas ardchaighdeán rithábachtach do chinnteoireacht mhaith ar chúrsaí sláinte. De réir an phlean gnó straitéiseach, bunaíodh aonad nua um chruthú fianaise agus bróicéireacht eolais i 2010. Áirítear ar thorthaí lárnacha an aonaid le linn 2011:

- Straitéis nua maidir le mí-úsáid substaintí a chríochnú, a ghlacfaidh cur chuige daonrabhunaithe maidir le fadhbanna úsáide alcóil.
- Tairseach (suíomh gréasáin) sláinte a uasdhátú, le rochtain ar na suíomhanna uile atá ar eolas ina bhfuil fianaise um pholasaí sláinte.
- Athbhreithniú gearr fianaise a chríochnú maidir le:
  - Meabhairshláinte: orduithe um chóireáil phobail
  - céimeanna um neamhshrianadh i dtithe altranais
  - céimeanna um aosú dhearfach
  - reachtaíocht um ghrinnfhiosrúchán ar dhaoine
  - caighdeán cháilíochta maidir le seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas
  - slánaíocht chliniciúil ins na seirbhísí sláinte
- Cuardach litríochta a dhéanamh don Roinn Sláinte.
- Ceithre eagrán den nuachtlitir taighde sláinte, Eolas, a fhoilsiú.

Leanadh leis an obair ar chúig chóras eolais náisiúnta a bhainistíonn an HRB, a chuireann an fhianaise is déanaí ar fáil do phleanáil seirbhíse agus do chinnteoireacht maidir le húsáid alcóil agus drugaí, sláinte mheabhrach agus míchumas. Tá liosta iomlán de na tuarascálacha atá foilsithe ag an HRB nó atá foilsithe in irisleabhair leagtha amach in Aguisín A. Tá téacs iomlán na dtuarascálacha de chuid an HRB ar fáil ar shuíomh gréasáin an HRB: [www.hrb.ie/publications](http://www.hrb.ie/publications).

Léiríonn na cás-staidéir shamplacha a bhfuil cur síos orthu thíos an luach a cruthaíodh as na córais eolais seo le linn 2011.

## ***Méadú ar líon na ndaoine a dhéantar cóireáil orthu maidir le fadhbanna úsáide alcóil.***

Léiríonn figiúirí ón Chóras Tuairiscithe Náisiúnta ar Chóireáil Drugaí (NDTRS) gur tháinig méadú 43% ar líon na gcás a rinneadh cóireáil orthu maidir le fadhbanna úsáide alcóil idir 2005 agus 2010. Bhí líon iomlán 42,333 chás a rinneadh cóireáil orthu maidir le fadhbanna úsáide alcóil sa tréimhse sé bliana sin.

### **Tá figiúirí láidre i dtuarascáil 2011:**

- Bhí leath de na cásanna 39 mbliana d'aois nó níos lú.
- Bhí leath de na cásanna tosaithe ar ól faoi 16 bliana d'aois.
- Tháinig méadú 145% ar chásanna faoi 18 mbliana d'aois, ó 109 sa bhliain 2006, go 267 sa bhliain 2011.
- I gcás amháin as gach cúig gcás bhí fadhbanna úsáide substaintí eile mar channabas, cócaon, eacstais agus beinsidhé-asaipíní.

De réir na n-údar, d'fhéadfadh méadú ar líon na gcásanna a theacht as méadú ar thuairisciú chuig an chóras NDTRS. Ach is dóichí freisin go léiríonn sé fíormhéadú ar líon na ndaoine a bhfuil cóireáil de dhíth orthu maidir le fadhbanna úsáide alcóil. Sa chás go bhfuil cuid de na seirbhísí cóireála nach bhfuil páirteach fós sa chóras tuairiscithe, is gannmheas iad na figiúirí seo ar an réimse cóireála in Éirinn maidir le fadhbanna úsáide alcóil.

### ***Léiríonn an daonáireamh laghdú mór ar líon na ndaoine a bhfuil cónaí orthu in ospidéal agus aonaid siciatracha.***

Gach cúigiú bhliain, déanann an HRB daonáireamh ar líon na n-othar istigh ag ospidéal agus aonaid siciatracha, chun treochtaí a mheas um phleanáil seirbhíse. Ó 2006, tá laghdú 17% ar líon na gcónaitheoirí siciatracha. Léiríonn sé seo polasaithe leanúnacha rialtais chun seirbhísí siciatracha pobail a mhéadú mar mhalairt ar chúram fadtéarmach in institiúidí. Léiríonn sé freisin nach bhfuil othair nua fadtéarmacha ag teach isteach in áit na n-othar fadtéarmach atá ag fáil bháis.

#### **Áirítear ar phríomhthorthaí thar thréimhse chúig bliana:**

- Cion níos mó othar a bhfuil cónaí orthu in aonaid siciatracha ins na hospidéal ghinearálta.
- Cumas níos mó maidir le hothair faoi 18 mbliana d'aois.
- Laghdú ar líon na n-iontráil neamhdheonach.
- Laghdú ar chion na n-othar fadtéarmach a tuairiscíodh.

### ***Seolann an tAire Kathleen Lynch tuarascáil HRB ar mhíchumas intleachta***

Sheol an tAire Kathleen Lynch an tuarascáil is déanaí ar sholáthar seirbhíse agus éileamh ar sheirbhísí imeasc daoine faoi mhíchumas intleachta ag ócáid in Ionad Seirbhísí Málta, Droichead Átha.

Tugann an Tuarascáil Bhliantúil mionsonraí ar an phróifíl déimeagrafach, na seirbhísí speisialta a cuireadh ar fáil don 26,484 dhuine faoi mhíchumas intleachta atá cláraithe ar an bhunachar sonraí, agus riachtanais seirbhísí acu amach anseo sa tréimhse 2011 go 2015.

Áirítear ar phríomhthreochtaí a léirítear sa tuarascáil: soláthar breise seirbhísí, méadú ar riachtanais daoine faoi mhíchumas intleachta mar a tuairiscíodh, gluaiseacht chuig grúpbhailte pobail, gluaiseacht ó ospidéal siciatracha agus líon breise daoine ag maireachtáil isteach sa tseanaois. Tá impleachtaí ag na treochtaí seo ar fad maidir le planáil agus soláthar seirbhísí amach anseo; léiríonn sé chomh tábhachtach is atá an Bunachar Náisiúnta Sonraí um Míchumas Intleachta mar ghléas planála.

# Aguisín A

## Liosta na bhfoilseachán HRB

*A Picture of Health 2011 – A snapshot of HRB funded Research.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Bellerose D, Carew AM and Lyons S (2011) *Treated problem drug use in Ireland 2005 to 2010.* Sraith Treochtaí 12 de chuid an HRB. An Bord Taighde Sláinte.

Bellerose D, Carew AM and Lyons S (2011) *Treated problem alcohol use in Ireland 2005 to 2010.* Sraith Treochtaí 11 de chuid an HRB. An Bord Taighde Sláinte.

Daly A, agus Walsh D (2011) *Activities of the Irish Psychiatric Units and Hospitals 2010: main findings.* Sraith Staidrimh 12 de chuid an HRB. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A, agus Walsh D (2011) *Activities of the Irish Psychiatric Units and Hospitals 2010:* Sraith Staidrimh 12 de chuid an HRB. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2011) *NPIRS National Bulletin 2010.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2011) *NPIRS HSE Dublin Mid-Leinster Bulletin 2010.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2011) *NPIRS HSE Dublin Mid-Leinster Bulletin 2010.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2011) *NPIRS National Bulletin 2010.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2011) *NPIRS National Bulletin 2010.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Hiney M, Curran B and Clarke P (2011) *Review of population health research and health services research in Ireland. 1+2.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Irish Focal Point (2011) National Report (2010 data) to the European Monitoring Centre on Drugs and Drug Addiction (EMCDDA) by the Reitox National Focal Point. *Ireland: new developments, trends and in-depth information on selected issues.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Irish Focal Point to the EMCDDA (2011) *Drugnet Ireland.* Eagrán 37, Earrach. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Irish Focal Point to the EMCDDA (2011) *Drugnet Ireland.* Eagrán 38, Samhradh. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Irish Focal Point to the EMCDDA (2011) *Drugnet Ireland.* Eagrán 39, Fómhar. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Irish Focal Point to the EMCDDA (2011) *Drugnet Ireland.* Eagrán 40, Geimhreadh. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Kelly F and Kelly C (2011) *Annual Report of the National Intellectual Disability Database Committee 2010,* Sraith Staidrimh 13 de chuid an HRB. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Lyons S, Lynn E, Walsh S, Sutton M, Long J (2011) *Alcohol-related deaths and deaths among people who were alcohol dependent in Ireland, 2004 to 2008:* Sraith Treochtaí 10 de chuid an HRB. An Bord Taighde Sláinte.

An tIonad Náisiúnta Doiciméadúcháin maidir le hÚsáid Drugaí (2011) *Directory of courses and training programmes on drug misuse in Ireland 2011.* 6ú Eagrán Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

O'Donovan M-A (2011) *Annual Report of the National Physical and Sensory Disability Database Committee 2010,* Sraith Staidrimh 14 de chuid an HRB. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

## Foilseacháin in irisleabhair 2011

Bhí roinnt ball foirme de chuid an HRB gur glacadh páipéirí uathu le foilsiú in irisleabhair idirnáisiúnta. Tá liosta díobh thíos (foireann HRB i gcló trom).

**Dunne M.** (2011) Barriers and Facilitators to Research Use Among Allied Health Practitioners: A Mixed-Method Approach to Assessment. Evidence Based Library and Information Practice, North America. Ar fáil ag: <http://ejournals.library.ualberta.ca/index.php/EBLIP/article/view/11750>. Dáta rochtana 13 Lúnasa 2012.

**Galvin B.** (2011) Evidence-based practice: a mind-altering substance. A blended learning course teaching information literacy for substance use prevention work. Journal of Information Literacy, 5(1) <http://ojs.lboro.ac.uk/ojs/index.php/JIL/article/view/1512> Dáta rochtana 13 Lúnasa 2012.



Hope A, and **Mongan D** (2011) A profile of self-reported alcohol-related violence in Ireland. *Contemporary Drug Problems*, 38 (2): 237-258.

**Keane M.** (2011) The role of education in developing recovery capital in recovery from substance addiction. *Baile Átha Cliath: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte - Tionscadal Athshlánúcháin Drugaí Soilse*.

McConkey R, **Kelly F** and **Craig S.** (2011) Access to respite breaks for families who have a relative with intellectual disabilities: a national survey, *Journal of Advanced Nursing*, 67, 6: 1349-1357.

McConkey R, **Kelly F** and **Craig S.** (2011) Moving from family care to residential and supported accommodation: national longitudinal study of people with intellectual disabilities, *American Journal of Intellectual and Developmental Disabilities*, 116, 4: 305-314.

**Mongan D**, McCormick PA, O'Hara S, Smyth BP, and **Long J.** (2011) Can Ireland's increased rates of alcoholic liver disease morbidity and mortality be explained by per capita alcohol consumption? *Alcohol and Alcoholism*, 46 (4). 1

O'Reilly F, O'Connell D, O'Carroll A, Whitford DL, and **Long J.** (2011) Sharing control: user involvement in general practice based methadone maintenance. *Irish Journal of Psychological Medicine*, 28(3): 112-133.

O'Reilly F, McAuliffe R and **Long J.** (2011) Users' experiences of cathinones sold in head shops and online. *Irish Journal of Psychological Medicine*, 28(1): S4-S7.

**Sutton M**, Mills JL, Molloy AM, Troendle JF, Brody LC, Conley M, Mc Donnell R, Scott JM, Kirke PN. (2011) Maternal folate, vitamin B12 and homocysteine levels in pregnancies affected by congenital malformations other than neural tube defects. *Birth Defects Research Part A: Clinical and Molecular Teratology*, 91 (7): 610-615.

# Aguisín B

## Sliocht as na Ráitis Airgeadais

### An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Ie haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2011

	2011 €	2010 €
<b>IONCAM</b>		
Deontas Ioncaim na Roinne Sláinte agus Leanaí	30,300,000	33,511,542
Maoiniú Taighde Eile	1,570,329	1,316,267
Ús Infhaighte agus Ioncam Eile	8,577	17,057
Aistriú chuig Cúlchiste Caipitil den Suim a Léirdháileadhchun Sócmhainní Seasta a Mhaoiniú	(8,886)	(23,730)
	<b>31,870,020</b>	34,821,136
<b>CAITEACHAS</b>		
Dámhachtainí	24,945,503	27,789,641
Córais eolas sláinte	1,287,048	1,409,207
Cruthú Fianaise & Bróicéireacht Eolais	1,064,102	1,065,759
Caiteachas Corporáideach agus Clárbhainistiú	4,591,760	4,559,038
	<b>31,888,413</b>	34,823,645
(EASNAMH)/BARRACHAS DON BHLIAIN	(18,393)	(2,509)
Cúlchiste ioncaim ar 1 Eanáir	54,416	56,925
<b>CÚLCHISTÍ IONCAIM AMHAIL AN 31 NOLLAIG</b>	<b>36,023</b>	54,416

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil

le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2011

	2011	2010
	€	€
<b>IONCAM</b>		
Deontas Caipitil na Roinne Sláinte agus Leanaí	<b>7,710,105</b>	10,181,025
Amúchadh an Chuntais Ciste Chaipitiúil	<b>58,491</b>	77,751
	<b>7,768,596</b>	10,258,776
<b>CAITEACHAS</b>		
Dámhachtainí	<b>7,710,105</b>	10,179,786
Costais Athchóirithe	–	1,239
Dímheas	<b>58,491</b>	77,751
	<b>7,768,596</b>	10,258,776
<b>BARRACHAS NA BLIANA</b>	<b>–</b>	<b>–</b>



## Clár Comhardaithe

### amhail an 31 Nollaig 2011

	2011	2010
	€	€
<b>SÓCMHAINNÍ SEASTA</b>		
Sócmhainní inláimhsithe	<b>134,096</b>	183,700
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>		
Féichiúnaithe	<b>363,292</b>	380,839
Infheistíochtaí	<b>641</b>	641
Airgead sa bhanc agus ar láimh	<b>108,540</b>	334,832
	<b>472,473</b>	716,312
<b>DLITEANAIS REATHA</b>		
<i>Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin:</i>		
Creidiúnaithe	<b>436,450</b>	661,896
	<b>436,450</b>	661,896
<b>GLAN-SÓCMHAINNÍ REATHA</b>	<b>36,023</b>	54,416
<b>GLAN-SÓCMHAINNÍ</b>	<b>170,119</b>	238,116
<b>CÚLCHISTÍ</b>		
Barrachas carnach sa		
chuntas ioncaim agus caiteachais	<b>36,023</b>	54,416
Ciste caipitiúil	<b>134,096</b>	183,700
	<b>170,119</b>	238,116





